Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2019**
**(OR. en)**

**9130/19**

**DEVGEN 99**
**FIN 344**
**COAFR 93**
**ACP 53**
**RELEX 470**
**ASIM 59**
**JAI 492**
**COPS 149**
**MAMA 80**
**COWEB 67**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Bealtaine 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7437/19 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 32/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic: Solúbtha ach gan a bheith dírithe<br>- Conclúidí ón gComhairle (16 Bealtaine 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 32/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic: Solúbtha ach gan a bheith dírithe, arna ghlacadh ag an gComhairle ag a 3690ú cruinniú a tionóladh ar an 16 Bealtaine 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tuarascáil Speisialta Uimh. 32/2018 maidir le Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic: Solúbtha ach gan a bheith dírithe**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil Speisialta Uimh. 32/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic: Solúbtha ach gan a bheith dírithe", ina scrúdaítear cé chomh maith agus a ceapadh Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic agus mar a cuireadh i bhfeidhm é, ag díriú ar na pointí láidre agus ar na laigí a bhain leis. Is cistí comhlíontacha iad cistí iontaobhais an Aontais Eorpaigh, uirlisí *ad-hoc* i gcomhair gníomhaíochtaí éigeandála, iar-éigeandála nó téamacha. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur cheart do chistí iontaobhais raon iomlán prionsabal maidir le héifeachtacht na forbartha a chur i bhfeidhm agus gur cheart dóibh a bheith comhleanúnach i ndáil le tosaíochtaí fadtéarmacha forbartha, straitéisí tíre náisiúnta de chuid an Aontais Eorpaigh agus ionstraimí agus cláir ábhartha eile[1]. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle béim ar ábharthacht a conclúidí[2] roimhe seo i leith na saincheiste sin agus meabhraítear di an creat beartais maidir le cistí iontaobhais an Aontais Eorpaigh a leagtar amach sa Chomhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt.

2. Meabhraítear don Chomhairle gur seoladh Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic ag Cruinniú Mullaigh Vaileite maidir leis an Imirce in 2015, nuair a chomhaontaigh Cinn Stáit agus Cinn Rialtais na hEorpa agus na hAfraice go n-oibreoidís de mheon comhpháirtíochta agus comhfhreagrachta chun réitigh choiteanna ar dhúshláin leasa frithpháirteacha a aimsiú. Is é an ciste is mó é de cheithre chiste an Aontais Eorpaigh atá ann cheana féin, inar cuireadh EUR 4.2 bhilliún i dtoll a chéile ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear an Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF), buiséad an Aontais Eorpaigh chomh maith le hacmhainní ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus ó dheontóirí eile. Tacaíonn an Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic le gníomhaíochtaí i 26 thír i dtrí réigiún san Afraic: an tSaiheil agus Loch Sead, Corn na hAfraice agus an Afraic Thuaidh. Is éard is aidhm dó an chobhsaíocht a chothú agus feabhas a chur ar bhainistiú na himirce agus aghaidh a thabhairt chomh maith ar bhunchúiseanna an díchobhsaithe, an easáitithe éigeantaigh agus na himirce mírialta, go háirithe tríd an teacht aniar, deiseanna eacnamaíocha, comhdheiseanna, an tslándáil agus an fhorbairt a chur chun cinn san Afraic.

[1] 9459/17 ón 19.05.2017
[2] 15569/17 ón 11.12.2017

3. Aithníonn an Chomhairle gur uirlis cur chun feidhme straitéiseach agus solúbtha í Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic, ar uirlis í ina dtugtar aghaidh ar na dúshláin éagsúla a bhaineann le himirce neamhrialta agus an easáitiú éigeantach trasna na dtrí réigiún.

Tá sé léirithe ag Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic go mbaineann tairbhe bhreise léi, amhail éascú an idirphlé polaitiúil agus beartais le tíortha comhpháirtíochta, comhordú, torthaí deimhnitheacha a ghníomhú, agus trí acmhainní agus saineolas ón Aontas Eorpach, óna chuid Ballstát agus ó dheontóirí eile a chur i dtoll a chéile.

Is díol sásaimh don Chomhairle, a bhuí do Chiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic, gur tugadh freagairt thapa ar na géarchéimeanna casta, ar de chineálacha éagsúla iad, sa trí réigiún, agus go ndearnadh sin níos tapúla ná mar a bheadh leis na huirlisí traidisiúnta. Tugann an Chomhairle dá haire chomh maith an chonclúid sa tuarascáil gur rannchuidigh Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic leis an iarracht líon na n-imirceach neamhrialta a imíonn ón Afraic go dtí an Eoraip a laghdú, ach nach féidir an ranníocaíocht sin a thomhas go beacht go fóill.

Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá ann iarrachtaí níos fearr a dhéanamh acmhainní breise airgeadais a shlógadh do Chiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic, lena n-áirítear ó na Ballstáit, chun a bhfuil bainte amach a chothú agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua atá ag teacht chun cinn san Afraic, lena n-áirítear bealaí imirce na Meánmhara Láir agus na Meánmhara Thiar.

4. Tá barúlacha agus moltaí maithe sa Tuarascáil Speisialta chun bainistiú, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht Choiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic a neartú, rud a d'fhéadfadh a bheith chun leas chistí iontaobhais eile an Aontais Eorpaigh ar bhonn níos leithne.

Agus béim á leagan ar an tábhacht a bhaineann le sainordú leathan a chothabháil, tugann an Chomhairle dá haire conclúidí agus moltaí uile na tuarascála, lena n-áirítear gur cheart go mbeadh Coiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic níos spriocdhírithe agus gur cheart an tacaíocht a stiúradh i dtreo gníomhaíochtaí sonracha ar dócha go mbeadh torthaí intomhaiste leo agus go mbeadh tionchar acu ar an bhfód. Leagann an Chomhairle béim ar thábhacht na gceithre mholadh ón gCúirt, lena n-áirítear na tráthchláir ar leith, agus iarrann sí ar an gCoimisiún iarobair chuí a áirithiú.

*Cáilíocht na gcuspóirí a fheabhsú*

5. Níor cheart go mbeadh straitéis spriocdhírithe lena ndéantar beart de réir a briathra thíos le solúbthacht Choiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic. Spreagann an Chomhairle an Coimisiún Eorpach, i gcomhar leis na Ballstáit, leanúint de na tosaíochtaí straitéiseacha agus de na creataí oibríochtúla réigiúnacha a athbhreithniú, rud a chinnteoidh go mbeidh siad níos sonraí, níos dírithe agus níos indéanta. Is mór ag an gComhairle rannpháirtíocht láidir an Bhoird san athbhreithniú ar na tosaíochtaí straitéiseacha chun an leas is mó is féidir a bhaint as raon agus tionchar Choiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic. Ina theannta sin, formhuiníonn an Chomhairle an ról atá ag na Coistí Oibríochtúla na creataí oibríochtúla réigiúnacha a thabhairt cothrom le dáta go rialta toisc go mbíonn cúrsaí ar an bhfód ag athrú de shíor agus a áirithiú go bhfuil na treoshuímh straitéiseacha comhleanúnach agus dírithe agus úinéireacht na dtíortha comhpháirtíochta á háirithiú acu ag an am céanna. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún feabhas a chur ar a chuid iarrachtaí dea-chleachtais a bhailiú agus a roinnt ar na geallsealbhóirí ábhartha uile agus na ceachtanna a foghlaimíodh a shainaithint, a úsáid agus a chomhroinnt leo.

***An nós imeachta roghnúcháin le haghaidh tionscadal a athbhreithniú***

6. Is díol sásaimh don Chomhairle torthaí na tuarascála maidir le roghnú tionscadal agus leagann sí béim ar a thábhachtaí is atá sé nósanna imeachta trédhearcacha uileghabhálacha soiléire a fheabhsú.

Leagann sí béim ar an ngá atá ann a áirithiú go bhfaighidh an Bord agus na Coistí Oibríochtúla faisnéis agus doiciméadacht iomlán go tráthúil, ionas go mbeidh siad in ann cinntí eolacha dea-ullmhaithe a dhéanamh.

Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún chomh maith a oiread comhlántachta agus is féidir a bhaint as na hionstraimí, na tionscnaimh agus na próisis chlársceidealaithe atá ann faoi láthair, lena n-áirítear an Plean Eorpach Infheistíochta Seachtraí.

*Bearta a dhéanamh le dlús a chur le cur chun feidhme*

7. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún féachaint cad iad na slite inar féidir dlús a chur le pleanáil agus le cur chun feidhme agus iad a neartú, go háirithe tríd an oiread úsáide agus is féidir a bhaint as treoirlínte an Choimisiúin maidir le cásanna éigeandála.

Aithníonn an Chomhairle freisin an ról atá ag na Ballstáit, ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, ag eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ag deontóirí eile i luas chur chun feidhme Choiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic agus iarrann sí ar gach gníomhaí oibriú níos fearr i gcomhar lena chéile.

*Feabhas a chur ar an bhfaireachán ar Choiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic*

8. Cé go n-aithníonn an Chomhairle na hiarrachtaí atá ceaptha feidhmíocht Choiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic a thomhas ar bhonn níos sistéamaí, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an córas coiteann faireacháin agus meastóireachta a chur chun gnímh. Chomh maith leis sin spreagann sé an Coimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar Choiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic agus creat measúnaithe riosca ar leith a chur ar bun, i gcomhréir le dea-chleachtas i mbainistiú ciste iontaobhais an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle an fhreagairt chuimsitheach ón gCoimisiún ar mholtaí na Cúirte agus tá sí ag tnúth le cur chun feidhme éifeachtach tráthúil Choiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic.

Spreagann an Chomhairle comhordú agus comhairliúchán feabhsaithe i dtíortha comhpháirtíochta, le tíortha comhpháirtíochta agus le comhpháirtithe agus tionscnaimh ábhartha eile chomh maith.

Ba cheart na ceachtanna a foghlaimíodh ó Choiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic a roinnt agus a chomhtháthú ar bhealach éifeachtach, i gcás inarb ábhartha, sa bhainistiú a dhéanann an Coimisiún ar chistí iontaobhais an Aontais chun an úsáid a bhaintear as an modh cabhrach sin a optamú i gcomhar an Aontais um fhorbairt agus sa chaidreamh seachtrach.